



An Bhruiséil, 1 Nollaig 2023  
(OR. en)

16040/23

---

---

Comhad Idirinstitiúideach:  
2023/0227(COD)

---

---

AGRI 749  
AGRILEG 314  
SEMENCES 109  
PHYTOSAN 119  
FORETS 188  
CODEC 2279  
IA 340

## NÓTA

---

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle  
chuig: Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) / An Chomhairle

---

Uimh. an doic. ón 11503/23  
gCoim.:

---

Ábhar: Togra le haghaidh Rialachán ón bParlaimint agus ón gComhairle maidir le hábhar atáirgthe plandaí a tháirgeadh agus a mhargú san Aontas, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/2031, 2017/625 agus 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoracha 66/401/CEE, 66/402/CEE, 68/193/CEE, 2002/53/CE, 2002/54/CE, 2002/55/CE, 2002/56/CE, 2002/57/CE, 2008/72/CE agus 2008/90/CE ón gComhairle (Rialachán maidir le hábhar atáirgthe plandaí) - Tuarascáil ar dhul chun cinn

---

## I. RÉAMHRÁ

1. An 5 Iúil 2023, ghlac an Coimisiún dhá thogra reachtacha a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar na rialacha maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí (PRM) agus ábhair atáirgthe foraoise (FRM) san Aontas. Tá siad mar chuid de phacáiste bia agus bithéagsúlachta an Choimisiúin, tacar tograí reachtacha lena gcumhdaítear freisin sláinte ithreach, teicnící géanómaíocha nua agus an t-athbhreithniú páirteach ar an Treoir Réime Dramhaíola. Cuireadh faoi bhráid na Comhairle iad an 6 Iúil 2023.

2. Faoi láthair, cuimsítear leis an reachtaíocht Treoir maidir leis an gcatalóg choiteann de chineálacha speiceas plandaí talmhaíochta agus 11 Treoir mhargaíochta lena gcumhdaítear síolta, ábhar atáirgthe plandaí agus ábhar atáirgthe foraoise. Téann cuid de na teoracha siar go dtí na 1960idí. Tá ilroinnt na rialacha ina cúis le cleachtais éagsúla cur chun feidhme sna Ballstáit, rud a fhágann go mbíonn ualach mór riaracháin ar údaráis inniúla agus ar oibreoirí. Thairis sin, tá easpa comhleanúnachais sa reachtaíocht atá ann faoi láthair le reachtaíocht eile maidir le sláinte plandaí, rialuithe oifigiúla agus OGManna, tá sí as dáta ó thaobh na heolaíochta de, tá gá le nuálaíocht inti chun cineálacha feabhsaithe a chur chun cinn agus oiriúnú do na dúshláin nua aeráide ionas go gcomhlíonfar cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais, go háirithe an straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ agus straitéis na Bithéagsúlachta.
3. Leis an togra maidir le hábhar atáirgthe plandaí<sup>1</sup>, tugtar isteach cur chuige reachtach nua mar go gcuirtear rialachán aonair in ionad deich dTreoir mhargaíochta leis. Is é is aidhm dó, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh:
- an creat dlíthiúil a shimpliú trí rialacha soiléirithe comhchuibhithe,
  - an dul chun cinn teicniúil a éascú chun teicneolaíochtaí digiteacha nua a chothú, mar shampla úsáid teicnící bith-mhóilíneacha,
  - an t-ualach riaracháin a laghdú,
  - a áirithiú go mbeidh PRM d’ardcháilíocht ar fáil a bheidh curtha in oiriúint do dhálaí talmhaíochta agus comhshaoil atá ag athrú,
  - slándáil bia, caomhnú acmhainní géiniteacha plandaí agus cosaint na bithéagsúlachta a áirithiú, agus
  - feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas leis na rialuithe oifigiúla agus leis an reachtaíocht maidir le sláinte plandaí.

---

<sup>1</sup> 11502-23 + ADD 1

Cumhdaítear leis an Rialachán nua síolta chomh maith le gach cineál eile ábhair atá beartaithe le haghaidh iomadú fásúil plandaí iomlána. Ní chumhdaítear leis ábhar atáirgthe foraoise, plandaí ornáideacha, PRM a onnmhairítear chuig tríú tíortha nó PRM atá beartaithe le haghaidh críocha eile nach críocha margaióchta iad.

4. I bParlaimint na hEorpa, is ar an gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe atá an phríomhfhreagracht agus tá Herbert Dorfmann (PPE, an Iodáil) ceaptha ina rapóirtéir. Foilsíodh a dhréacht-tuarascáil an 10 Samhain 2023. Tabharfaidh an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia tuairim uaidh ina leith.

## **II. STAID NA HIMEARTHA I DTACA LEIS AN OBAIR I GCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE**

1. Thíolaic an Coimisiún an togra agus an measúnú tionchair uaidh<sup>2</sup> ag físchomhdháil neamhfhoirmiúil de chomhaltaí na Meithle um Acmhainní Géiniteacha agus Nuálaíocht sa Talmhaíocht (dá ngairtear ‘an Mheitheal’ anseo feasta) an 6 Iúil 2023, agus cuireadh i láthair é i gComhairle AGRIFISH an 25 Iúil 2023.
2. Leanadh den scrúdú agus den phlé mionsonraithe ar airteagail an togra idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2023. Le linn Uachtaránacht na Spáinne, díriodh i dtrí chruinniú de chuid na Meithle ar Airteagail 1-22 den togra a scrúdú agus a phlé.

## **NA PRÍOMH-SHAINCHEISTEANNA AGUS AN DUL CHUN CINN A RINNEADH**

3. Chuir na toscaireachtaí líon mór barúlacha teicniúla in iúl ó bhéal agus i scríbhinn maidir le téacs iomlán an togra. Mar a léirítear thuas, d’oibrigh Uachtaránacht na Spáinne ar théacs athbhreithnithe d’Airteagail 1-22 agus rinne sí iarracht formhór na mbarúlacha sin a chur san áireamh, agus é mar aidhm aici ábhar na nAirteagal sin a fhorbairt agus a shoiléiriú.

---

<sup>2</sup> 11694/23

a) **Barúlacha ginearálta**

Ar an iomlán, tacaíonn na toscaireachtaí le príomhchuspóirí an togra arb é is aidhm dóibh an reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí a shoiléiriú, comhsheasmhacht a mhéadú agus tabhairt isteach forbairtí eolaíocha agus teicniúla nua a éascú. Is díol sásaimh dóibh freisin go gcoinnítear dhá cholún an chórais atá ann faoi láthair (clárú agus deimhniú cineálacha).

Sna barúlacha ginearálta a sholáthair na toscaireachtaí, sainaitnítear roinnt réimsí inar gá na forálacha a threisiú agus a shoiléiriú:

– **An t-ualach riaracháin**

Creideann a lán toscaireachtaí, bunaithe ar ábhar an togra, go dtiocfadh méadú ar an ualach riaracháin atá ar oibreoirí agus údaráis inniúla i réimsí áirithe agus go mbeadh an t-ualach sin díréireach.

Go deimhin, tá ceanglais bhreise tuairiscithe agus iniúchóireachta le haghaidh na n-údarás inniúil sa togra mar aon le líon ard údaruithe nó oibleagáidí clárúcháin le haghaidh oibreoirí gairmiúla agus leis sin tá méadú mór ar an maorlathas. Le tabhairt isteach ceanglas maoirseachta agus rialaithe i dtaobh réimsí nach bhfuil á rialú go fóill, mar shampla údarú chun athphacáistiú agus athlipéadú a dhéanamh nó údarú chun cineálacha áirithe ábhair a tháirgeadh, cuirtear leis an ualach riaracháin freisin.

– **Ionstraim dlí/cumhachtú an Choimisiúin**

Déantar leis an togra líon mór treoracha atá ann faoi láthair a chumasc in aon Rialachán amháin. Tá roinnt toscaireachtaí den tuairim gur minic a bhíonn a chuid forálacha doiléir agus go bhfuil líon mór gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme ann, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le héiginnteacht dhlíthiúil, ilroinnt níos mó agus neamhleanúnachas leis na rialacha náisiúnta atá ann faoi láthair. Tá na toscaireachtaí sin den tuairim nach mór cothromaíocht idir comhchuibhiú agus solúbthacht níos fearr do cheanglais náisiúnta a bhaint amach.

– **Iarratas**

Beidh feidhm ag an Rialachán trí bliana tar éis dó teacht i bhfeidhm. Is cosúil, áfach, go bhfuil an amlíne sin róghearr do roinnt toscaireachtaí ós rud é go bhfuil líon mór forálacha sa Rialachán maidir le gníomhartha cur chun feidhme. Maíonn na toscaireachtaí sin go mbeidh níos mó ama ag teastáil ó na Ballstáit toisc go mbeidh orthu gníomhartha dlí náisiúnta breise a ghlacadh.

– **Rialuithe oifigiúla a áireamh ar an Rialachán**

Is gá anailís bhreise a dhéanamh ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le reachtaíocht PRM a chur isteach i raon feidhme Rialachán (AE) 2017/625 (OCR). Tá inní ar na toscaireachtaí go bhféadfadh sé gur mó na míbhuntáistí ná na tairbhí toisc go méadófaí leis sin an t-ualach riaracháin agus airgeadais ar údaráis inniúla i bhfianaise oibleagáidí nua iniúchóireachta agus tuairiscithe.

– **Díolúintí**

Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go raibh inní orthu faoi na díolúintí ó chlárú a dheonaítear don ábhar ilchineálach a úsáidtear don ghnáthfheirmeoireacht, faoi dhíolúintí ó mhalartú síolta idir feirmeoirí agus chuig PRM a chuirtear ar an margadh d'úsáideoirí deiridh.

– **Luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe (VSCU)/sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht (DUS)**

Tá amhras ar a lán toscaireachtaí faoi na hoibleagáidí a bhaineann le measúnú VSCU (luach le haghaidh saothrú agus úsáid inbhuanaithe) maidir le speicis torthaí agus glasraí. D'fhéadfadh sé nach mbeadh na cuideachtaí pórúcháin meánmhéide agus beaga in ann na costais a bhaineann le tástálacha VSCU a dhéanamh ar chineálacha speiceas torthaí agus glasraí agus eagrú casta na dtástálacha sin a chumhdach i gcónaí. Ina theannta sin, tá amhras ann faoi na tástálacha DUS (sainiúlacht, aonfhoirmeacht agus cobhsaíocht) agus VCUanna uile a dhéanann Ballstáit eile mar gheall ar dhálaí aeráide éagsúla agus ar an gcóras rialaithe cáilíochta atá ann faoi láthair.

**b) Barúlacha maidir le hAirteagail 1-22**

Thug na toscaireachtaí na barúlacha seo a leanas uathu go háirithe:

– **Ábhar (Airteagal 1)**

Ní léir ar cheart forálacha a bheith sa Rialachán seo maidir le dálaí saothraithe nó úsáid PRM a rialú seachas chun bia, beatha agus táirgí eile a tháirgeadh.

– **Raon feidhme (Airteagal 2)**

Tá gá le soiléiriú ar na ceanglais maidir le speicis nua a áireamh faoi raon feidhme an Rialacháin seo. Chomh maith leis sin, d'iarr roinnt tíortha go gcuirfí clásal isteach chun PRM áirithe nach bhfuil dírithe ar shaothrú tráchtála cineáil, an clásal 'lúbiata' mar a thugtar air, a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin seo.

– **Sainmhínithe (Airteagal 3)**

Ní mór roinnt sainmhínithe a athfhoirmlíú chun gnéithe áirithe a shoiléiriú, go háirithe an sainmhíniú ar na nithe seo a leanas: 'úsáideoirí deiridh', 'cineál caomhantais', 'tuairisc atá aitheanta go hoifigiúil', 'lotnaid cháilíochta', 'margú', 'seach-tíopa' agus 'cineál hibrídeach'); ní mór cinn eile a ailíniú leo siúd atá sa reachtaíocht maidir le sláinte plandaí (mar shampla 'oibreoir gairmiúil' agus 'síolta') nó le scéimeanna síl ECFE. Ar deireadh, d'iarr neart toscaireachtaí go scriosfaí 'meascáin ilchlónacha'. Déanfar athbhreithniú an dara huair ar shainmhínithe i bhfianaise an chéad scrúdaithe iomláin ar na hairteagail lena mbaineann siad.

– **Ceanglais ghinearálta maidir táirgeadh agus margú (Airteagail 5-10)**

Ní féidir PRM speiceas atá ar áireamh in Iarscríbhinn 1 a tháirgeadh agus a mhargú ach amháin má tá an speiceas cláraithe i gclár náisiúnta nó Eorpach cineálacha agus má tá sé sna catagóirí seo a leanas (réamhbhunúsach, bunúsach, deimhnithe agus caighdeán). Tá eisiámh síolta tráchtála fós á bplé. Tá feidhm ag maoluithe ón gclárú maidir le hábhar ilchineálach, PRM a mhargaítear d'úsáideoirí deiridh nó idir líonraí caomhantais agus maidir le malartú síolta idir feirmeoirí.

Féadfar clóin roghnaithe, agus PRM polaclónacha a áireamh i gclárlanna sonracha freisin, agus féadfar iad a tháirgeadh agus a mhargú faoi rialacha sonracha. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl nár cheart feidhm a bheith ag na forálacha sin maidir le clóin ná meascáin ilchlónacha.

Féadfaidh an t-údarás inniúil údarú a thabhairt d'oibreoir gairmiúil PRM a dheimhniú le haghaidh ábhar nó síolta réamhbhunúsacha, bunúsacha agus deimhnithe faoi mhaoirseacht oifigiúil. I ndáil leis sin, d'iarr roinnt toscaireachtaí go gcoinneofaí an fhéidearthacht údaruithe le haghaidh gníomhaíochtaí íogaire áirithe a dhiúltú. Ina theannta sin, chuir siad in iúl nach féidir leo tacú le deimhniú PRM faoi mhaoirseacht oifigiúil ach amháin más inniúlacht náisiúnta i gcónaí iad na rialacha mionsonraithe maidir le rialuithe. D'iarr roinnt toscaireachtaí freisin go ndéanfaí na forálacha sin a ailíniú le Rialachán OCR.

– **Lipéadú (Airteagail 15 go 20)**

Bunaítear rialacha maidir le lipéadú PRM chun a áirithiú go sainaitheofar i gceart é. D'iarr na toscaireachtaí soiléiriú ar roinnt gnéithe go háirithe maidir le comhlíonadh oibleagáidí na bpassanna plandaí atá sa reachtaíocht maidir le sláinte plandaí, agus maidir le ceanglais shonracha do chineálacha éagsúla PRM le lipéadú éigeantach.

– **Meascáin síolta (Airteagail 21 agus 22)**

D'iarr roinnt toscaireachtaí go bhféadfaí meascáin síolta a dhéanamh freisin le speicis a áirítear i gCuid B d'Iarscríbhinn I, agus le speicis eile nach gcumhdaítear leis an Rialachán seo, ós amhlaidh gur féidir sin a dhéanamh leis an reachtaíocht is infheidhme faoi láthair.

4. Tá rún ag an Uachtaránacht leanúint leis an bplé sin sna seachtainí amach romhainn agus oibreoidh sí ar théacs ón Uachtaránacht. Tionólfaidh an Uachtaránacht físchomhdháil neamhfhoirmiúil eile de chomhaltáí na Meithle an 19 agus an 20 Nollaig 2023 d’fhonn moltaí athdhréachtaithe ón Uachtaránacht<sup>3</sup> faoi na hairteagail a scrúdaíodh go dtí seo a chur i láthair agus é mar aidhm an t-ábhar iontu a fhorbairt agus a shoiléiriú.
5. Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh faoi Uachtaránacht na Spáinne, tá sé beartaithe ag Uachtaránacht inteachta na Beilge leanúint den obair ar an gcomhad tábhachtach seo ar an leibhéal teicniúil.
6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an scrúdú ar an togra a thabhairt dá haire agus tuairimí a mhalartú.

---

---

<sup>3</sup> 16295/23 (le foilsiú go luath).